Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Feabhra 2023
(OR. en)

5959/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0157(NLE)**

ENFOPOL 45
CT 15
RELEX 133
JAI 105
NZ 1

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac<br>– Glacadh |

1. Thíolaic an Coimisiún moladh an 30 Deireadh Fómhair 2019, inar moladh go n-údaródh an Chomhairle tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Europol agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac[1]. An 13 Bealtaine 2020, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Nua-Shéalainn agus ghlac sí treoracha caibidlíochta[2][3].

2. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht i mí Aibreáin 2021 agus tugadh i gcrích i mí na Samhna 2021 í nuair a chuir na príomh-idirbheartaithe inisealacha le dréacht-téacs an Chomhaontaithe.

[1] COM(2019) 551 final.
[2] Cinneadh ón gComhairle a leagtar amach in 7047/20.
[3] Aguisín a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle a leagtar amach in 7047/20 ADD 1.

3. An 13 Bealtaine 2022, thíolaic an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac[4] agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe réamhráite sin[5].

4. Is é is aidhm don Chomhaontú aistriú sonraí pearsanta idir Europol agus údaráis inniúla na Nua-Shéalainne a cheadú, chun gníomhaíocht údaráis Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus údaráis na Nua-Shéalainne a thacú agus a neartú, agus mar an gcéanna i gcás a gcomhair fhrithpháirtigh chun cionta coiriúla, lena n-áirítear coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht, a chosc agus a chomhrac, agus coimircí iomchuí á n-áirithiú ag an am céanna maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha daoine aonair, lena n-áirítear príobháideachas agus cosaint sonraí.

5. An 27 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle an cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac[6]. Shínigh na Páirtithe an Comhaontú an 30 Meitheamh sa Bhruiséil.

6. I gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa sula nglacfaidh an Chomhairle an Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe[7]. Chinn an Chomhairle an 18 Iúil 2022 a iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt don dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, agus seoladh an iarraidh ar thoiliú chuig Parlaimint na hEorpa an lá céanna, mar aon le téacs an Chomhaontaithe[8].

---

[4] 9089/22 + ADD 1.
[5] 9090/22 + ADD 1.
[6] IO L 176/3, 1.7.2022
[7] 10092/22
[8] 9269/22

7. An 17 Eanáir 2023, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an Comhaontú a thabhairt i gcrích.

8. I bhfianaise an mhéid thuas agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 10092/22, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.